**ЗАКЛЮЧИТЕЛЕН АКТ
НА ДОГОВОРА ЗА ПРИСЪЕДИНЯВАНЕ
КЪМ ЕВРОПЕЙСКИЯ СЪЮЗ 2005 г.**

**ACTA FINAL
DEL TRATADO RELATIVO A LA ADHESIÓN
A LA UNIÓN EUROPEA 2005**

**ZÁVĚREČNÝ AKT
SMLOUVY O PŘISTOUPENÍ
K EVROPSKÉ UNII 2005**

**SLUTAKT
TIL TRAKTATEN OM TILTRÆDELSE
AF DEN EUROPÆISKE UNION 2005**

**SCHLUSSAKTE
ZUM VERTRAG ÜBER DEN BEITRITT
ZUR EUROPÄISCHEN UNION 2005**

**2005. AASTA
EUROOPA LIIDUGA ÜHINEMISE LEPINGU
LÕPPAKT**

**ΤΕΛΙΚΗ ΠΡΑΞΗ
ΤΗΣ ΣΥΝΘΗΚΗΣ ΠΡΟΣΧΩΡΗΣΕΩΣ
ΣΤΗΝ ΕΥΡΩΠΑΪΚΗ ΕΝΩΣΗ 2005**

**FINAL ACT
TO THE TREATY OF ACCESSION
TO THE EUROPEAN UNION 2005**

**ACTE FINAL
DU TRAITE RELATIF A L'ADHESION
A L'UNION EUROPEENNE DE 2005**

**IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH
AN CHONARTHA AONTACHAIS
LEIS AN AONTAS EORPACH 2005**

**ATTO FINALE
DEL TRATTATO DI ADESIONE
ALL'UNIONE EUROPEA 2005**

**NOBEIGUMA AKTS
LĪGUMAM
PAR PIEVIENOŠANOS EIROPAS SAVIENĪBAI, 2005**

**2005 M. STOJIMO Į
EUROPOS SĄJUNGĄ SUTARTIES
BAIGIAMASIS AKTAS**

**AZ EURÓPAI UNIÓHOZ TÖRTÉNŐ CSATLAKOZÁSRÓL SZÓLÓ SZERZŐDÉS
ZÁRÓOKMÁNYA
2005**

**L-ATT FINALI
GĦAT-TRATTAT TA' L-ADEŻJONI
MA' L-UNJONI EWROPEA 2005**

**SLOTAKTE
BIJ HET VERDRAG BETREFFENDE DE TOETREDING
TOT DE EUROPESE UNIE 2005**

**AKT KOŃCOWY
DO TRAKTATU O PRZYSTĄPIENIU
DO UNII EUROPEJSKIEJ 2005**

**ACTA FINAL
DO TRATADO DE ADESÃO
À UNIÃO EUROPEIA DE 2005**

**ACT FINAL
AL TRATATULUI DE ADERARE
LA UNIUNEA EUROPEANĂ DIN 2005**

**ZÁVEREČNÝ AKT
K ZMLUVE O PRISTÚPENÍ
K EURÓPSKEJ ÚNII 2005**

**SKLEPNA LISTINA
POGODBE O PRISTOPU
K EVROPSKI UNIJI
2005**

**EUROOPAN UNIONIIN
LIITTYMISESTÄ 2005 TEHDYN SOPIMUKSEN
PÄÄTÖSASIAKIRJA**

**SLUTAKT
TILL FÖRDRAGET OM ANSLUTNING
TILL EUROPEISKA UNIONEN 2005**

# AN IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

## I. TÉACS NA hIONSTRAIME CRÍOCHNAITHÍ

1. Tá na Lánchumhachtaigh:

ÓNA SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SEICE,

ÓNA SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hEASTÓINE,

Ó UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ,

ÓNA SHOILSE RÍ NA SPÁINNE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

Ó UACHTARÁN NA hÉIREANN,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA CIPIRE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA LAITVIA,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA LIOTUÁINE,

ÓNA MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hUNGÁIRE,

Ó UACHTARÁN MHÁLTA,

ÓNA SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

Ó UACHTARÁN CÓNAIDHME PHOBLACHT NA hOSTAIRE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA POLAINNE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

Ó UACHTARÁN NA RÓMÁINE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓVAICE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA FIONLAINNE,

Ó RIALTAS RÍOCHT NA SUALAINNE,

ÓNA SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

Ag teacht le chéile dóibh i Lucsamburg an cúigiú lá fichead d'Aibreán sa bhliain dhá mhíle is a cúig chun an Conradh a shíniú idir Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ballstáit an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin i dtaobh aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach.

Tar éis a thabhairt dá n-aire gur tarraingíodh na téacsanna seo a leanas suas agus gur glacadh iad sa Chomhdháil idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin i dtaobh aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach:

I. an Conradh idir Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ballstáit an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin i dtaobh aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach (dá ngairtear "an Conradh Aontachais anseo feasta);

II. na téacsanna sa Bhulgáiris agus sa Rómáinis den Chonradh ag bunú Bunreachta don Eoraip;

III. an Prótacal i dtaobh na gcoinníollacha agus na socruithe chun Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin a ligean isteach san Aontas Eorpach (dá ngairtear "an Prótacal Aontachais" anseo feasta);

IV. na téacsanna atá liostaithe anseo thíos a ghabhann leis an bPrótacal Aontachais:

A. Iarscríbhinn I: Liosta na gCoinbhinsiún agus na bPrótacal lena n-aontóidh an Bhulgáir agus an Rómáin amhail ón aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Phrótacal)

Iarscríbhinn II: Liosta forálacha acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus na n-ionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, atá le bheith ina gceangal ar na Ballstáit nua agus infheidhme iontu amhail ón aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Phrótacal)

Iarscríbhinn III: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 16 den Phrótacal: Oiriúnuithe ar ghníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí

Iarscríbhinn IV: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 17 den Phrótacal: Oiriúnuithe forlíontacha ar ghníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí

Iarscríbhinn V: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 18 den Phrótacal: buanfhorálacha eile

Iarscríbhinn VI: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Phrótacal: bearta idirthréimhseacha, an Bhulgáir

Iarscríbhinn VII: Liosta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Phrótacal: bearta idirthréimhseacha, an Rómáin

Iarscríbhinn VIII: Forbairt na tuaithe (dá dtagraítear in Airteagal 34 den Phrótacal)

Iarscríbhinn IX: Gealltanais shonracha arna nglacadh ar láimh agus ceanglais arna nglacadh ag an Rómáin ag clabhsúr na caibidlíochta aontachais an 14 Nollaig 2004 (dá dtagraítear in Airteagal 39 den Phrótacal);

B. na téacsanna sa Bhulgáiris agus sa Rómáinis den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus de na Conarthaí á leasú nó á fhorlíonadh.

V. An Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnuithe ar na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe

VI. na téacsanna atá liostaithe anseo thíos a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais:

A. Iarscríbhinn I: Liosta na gCoinbhinsiún agus na bPrótacal lena n-aontóidh an Bhulgáir agus an Rómáin amhail ón aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Ionstraim Aontachais)

| | |
|---|---|
| Iarscríbhinn II: | Liosta forálacha acquis Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus na n-ionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, atá le bheith ina gceangal ar na Ballstáit nua agus infheidhme iontu amhail ón aontachas (dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Ionstraim Aontachais) |
| Iarscríbhinn III: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 19 den Ionstraim Aontachais: Oiriúnuithe ar ghníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí |
| Iarscríbhinn IV: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Ionstraim Aontachais: Oiriúnuithe forlíontacha ar ghníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí |
| Iarscríbhinn V: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 21 den Ionstraim Aontachais: buanfhorálacha eile |
| Iarscríbhinn VI: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 23 den Ionstraim Aontachais: bearta idirthréimhseacha, an Bhulgáir |
| Iarscríbhinn VII: | Liosta dá dtagraítear in Airteagal 23 den Ionstraim Aontachais: bearta idirthréimhseacha, an Rómáin |
| Iarscríbhinn VIII: | Forbairt na tuaithe (dá dtagraítear in Airteagal 34 den Ionstraim Aontachais) |

Iarscríbhinn IX: Gealltanais shonracha arna nglacadh ar láimh agus ceanglais arna nglacadh ag an Rómáin ag clabhsúr na caibidlíochta aontachais an 14 Nollaig 2004 (dá dtagraítear in Airteagal 39 den Ionstraim Aontachais);

B. na téacsanna sa Bhulgáiris agus sa Rómáinis den Chonradh ar an Aontas Eorpach, den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach mar aon le téacsanna na gConarthaí á leasú nó á bhforlíonadh, lena n-áirítear an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí, an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne agus an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice.

2. Tá na hArdpháirtithe Conarthacha tar éis teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir le sraith oiriúnuithe is gá de thoradh an aontachais ar ghníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí agus iarrann siad ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún na hoiriúnuithe sin, arna gcríochnú agus arna dtabhairt suas chun dáta mar is gá d'fhonn éabhlóid dhlí an Aontais a chur san áireamh, a ghlacadh roimh an aontachas i gcomhréir le hAirteagal 56 den Phrótacal Aontachais nó, de réir mar a bheidh, i gcomhréir le hAirteagal 56 den Ionstraim Aontachais, dá dtagraítear in Airteagal 4(3) den Chonradh Aontachais.

3. Gabhann na hArdpháirtithe Conarthacha orthu féin gach faisnéis is gá do chur i bhfeidhm an Phrótacail Aontachais nó, de réir mar a bheidh, do chur i bhfeidhm na hIonstraime Aontachais a chur in iúl don Choimisiún agus dá chéile. Nuair is gá, soláthrófar an fhaisnéis sin in am trátha roimh dháta an aontachais chun gur féidir an Prótacal Aontachais nó, de réir mar a bheidh, an Ionstraim Aontachais a chur i bhfeidhm go hiomlán ó dháta an aontachais, go háirithe a mhéad a bhaineann le hoibriú an mhargaidh inmheánaigh. Sa chomhthéacs seo, tá sé rí-thábhachtach go ndéanfaí na bearta arna nglacadh ag an mBulgáir agus ag an Rómáin a chur in iúl go luath faoi Airteagal 53 den Phrótacal Aontachais nó, de réir mar a bheidh, faoi Airteagal 53 den Ionstraim Aontachais. Féadfaidh an Coimisiún Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin a chur ar an eolas faoin am ar faoina cheann a mheasann sé atá sé iomchuí faisnéis shonrach a fháil nó a sheoladh. Faoi cheann lá seo an tsínithe, soláthraíodh liosta do na Páirtithe Conarthacha ina leagtar amach na hoibleagáidí faisnéise i réimse na tréidliachta.

4. Thug na Lánchumhachtaigh dá n-aire freisin na Dearbhuithe seo a leanas a rinneadh agus atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

A. Dearbhuithe Comhpháirteacha ó na Ballstáit láithreacha

1. Dearbhú Comhpháirteach maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an Bhulgáir
2. Dearbhú Comhpháirteach maidir le léagúim ghráinneacha: an Bhulgáir
3. Dearbhú Comhpháirteach maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an Rómáin
4. Dearbhú Comhpháirteach maidir le forbairt na tuaithe: an Bhulgáir agus an Rómáin

B. Dearbhú Comhpháirteach ó na Ballstáit láithreacha agus ón gCoimisiún

5. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hullmhúcháin na Bulgáire agus na Rómáine don aontachas

C. Dearbhú Comhpháirteach ó roinnt de na Ballstáit láithreacha

6. Dearbhú Comhpháirteach ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus ó Phoblacht na hOstaire maidir le saorghluaiseacht oibrithe: an Bhulgáir agus an Rómáin

D. Dearbhú ó Phoblacht na Bulgáire

7. Dearbhú ó Phoblacht na Bulgáire maidir le húsáid na haibítre coireallaí san Aontas Eorpach

5. Thug na Lánchumhachtaigh dá n-aire an Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh i rith na tréimhse roimh an aontachas agus atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo.

# II. DEARBHUITHE

## A. DEARBHUITHE COMHPHÁIRTEACHA Ó NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA

### 1. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN BHULGÁIR

Cuireann an tAontas Eorpach an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sa socrú maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Bhulgáracha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san Aontas Eorpach do náisiúnaigh Bhulgáracha amhail ó aontachas na Bulgáire. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 2. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
## MAIDIR LE LÉAGÚIM GHRÁINNEACHA: AN BHULGÁIR

I ndáil le léagúim ghráinneacha, tá achar 18 047 heicteár tugtha san áireamh chun uasteorainn náisiúnta na Bulgáire a ríomh in Iarscríbhinn VIIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 an 29 Meán Fómhair 2003 (IO L 270, 21.10.2003, lch. 1).

## 3. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
## MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN RÓMÁIN

Cuireann an tAontas Eorpach an bhéim ar eilimintí láidre na difreála agus na solúbthachta sa socrú maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall rochtain mhéadaithe ar mhargadh an tsaothair a dheonú do náisiúnaigh Rómánacha faoin dlí náisiúnta d'fhonn an comhfhogasú don acquis a bhrostú. Dá thoradh sin, ba chóir go dtiocfadh feabhas substaintiúil ar na deiseanna fostaíochta san Aontas Eorpach do náisiúnaigh Rómánacha amhail ó aontachas na Rómáine. Ina theannta sin, bainfidh Ballstáit AE leas iomlán as an socrú arna bheartú chun gluaiseacht a luaithe is féidir go dtí lánchur i bhfeidhm an acquis maidir le saorghluaiseacht oibrithe.

## 4. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
## MAIDIR LE FORBAIRT NA TUAITHE: AN BHULGÁIR AGUS AN RÓMÁIN

I dtaca leis na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí d'fhorbairt na tuaithe a thig ó Roinn Treoraíochta CETRT don Bhulgáir agus don Rómáin i rith na tréimhse trí bliana 2007-2009 atá luaite in Airteagal 34(2) den Phrótacal Aontachais agus in Airteagal 34(2) den Ionstraim Aontachais, tugann an tAontas dá aire gur féidir bheith ag súil leis na cionrannta seo a leanas:

(EUR milliún, praghsanna 2004)

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2007-2009 |
|---|---|---|---|---|
| An Bhulgáir | 183 | 244 | 306 | 733 |
| An Rómáin | 577 | 770 | 961 | 2 308 |
| Iomlán | 760 | 1 014 | 1 267 | 3 041 |

Beidh cionrannta forbartha tuaithe na Bulgáire agus na Rómáine thar an tréimhse trí bliana 2007-2009 bunaithe ar chur i bhfeidhm na rialacha atá ann nó na rialacha a chineann ó aon athchóirithe beartais a tharlóidh idir an dá linn.

## B. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA AGUS ÓN gCOIMISIÚN

### 5. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LE hULLMHÚCHÁIN NA BULGÁIRE AGUS NA RÓMÁINE DON AONTACHAS

Leanfaidh an tAontas Eorpach d'fhaireachán géar a dhéanamh ar ullmhúcháin agus gnóthachtála na Bulgáire agus na Rómáine, lena n-áirítear cur chun feidhme éifeachtúil na ngealltanas arna nglacadh ar láimh i ngach réimse den acquis.

Meabhraítear don Aontas Eorpach conclúidí na hUachtaránachta do Chomhairle Eorpach an 16/17 Nollaig 2004, go háirithe pointí 8 agus 12 ina gcuirtear i bhfios go láidir, i gcás na Rómáine, go dtabharfar aird ar leith ar an ullmhúchán i réimsí an Cheartais agus na nGnóthaí Baile, na hIomaíochta agus an Chomhshaoil, agus, i gcás na Bulgáire, go dtabharfar aird ar leith ar an ullmhúchán i réimse an Cheartais agus na nGnóthaí Baile. Leanfaidh an Coimisiún de thuarascálacha bliantúla a thíolacadh maidir le dul chun cinn na Bulgáire agus na Rómáine i dtreo an aontachais, mar aon le moltaí más iomchuí. Meabhraítear don Aontas Eorpach go ndéantar foráil i gclásail choimirce maidir le bearta chun díriú ar fhadhbanna tromchúiseacha a fhéadfaidh teacht chun cinn roimh an aontachas nó sna trí bliana tar éis an aontachais, de réir mar a bheidh.

# C. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
# Ó ROINNT DE NA BALLSTÁIT LÁITHREACHA

## 6. DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
## Ó PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE AGUS Ó PHOBLACHT NA hOSTAIRE MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE: AN BHULGÁIR AGUS AN RÓMÁIN

An fhoclaíocht de phointe 13 de na bearta idirthréimhseacha maidir le saorghluaiseacht oibrithe faoi Threoir 96/71/CE in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann leis an bPrótacal Aontachais agus leis an Ionstraim Aontachais araon, tuigtear do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus do Phoblacht na hOstaire i gcomhaontú leis an gCoimisiún go gciallaíonn sí go bhféadfaidh "réigiúin áirithe" an chríoch náisiúnta iomlán a chuimsiú freisin, nuair is iomchuí.

## D. DEARBHÚ Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE

### 7. DEARBHÚ Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE MAIDIR LE hÚSÁID NA hAIBÍTRE COIREALLAÍ SAN AONTAS EORPACH

Agus an Bhulgáiris á haithint mar theanga údarásach do na Conarthaí agus mar theanga oifigiúil agus oibre a úsáidfidh institiúidí an Aontais Eorpaigh, beidh an aibítir choireallach ar cheann de na trí haibítir a úsáidtear go hoifigiúil san Aontas Eorpach. Is rannchuidiú sonrach ón mBulgáir le héagsúlacht teanga agus chultúrtha an Aontais an chuid shubstaintiúil sin d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa.

# III. MALARTÚ LITREACHA

Malartú litreacha
idir an tAontas Eorpach
agus Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin
maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin
chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh
i rith na tréimhse roimh an aontachas

Litir Uimh. 1

A Chara,

Tá sé d'onóir agam tagairt don cheist maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh i rith na tréimhse roimh aontachas do thíre leis an Aontas Eorpach a tógadh faoi chuimsiú chaibidlíocht an aontachais.

Deimhním leis seo go dtig leis an Aontas Eorpach nós imeachta den sórt sin a chomhaontú, sna téarmaí atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2004.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go bhfuil do Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo.

Is mise le mórmheas,

Litir Uimh. 2

A Chara,

Is mian liom a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir atá mar a leanas:

> "Tá sé d'onóir agam tagairt don cheist maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh i rith na tréimhse roimh aontachas do thíre leis an Aontas Eorpach a tógadh faoi chuimsiú chaibidlíocht an aontachais.
>
> Deimhním leis seo go dtig leis an Aontas Eorpach nós imeachta den sórt sin a chomhaontú, sna téarmaí atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2004.
>
> Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go bhfuil do Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo."

Tá sé d'onóir agam a dheimhniú go bhfuil mo Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach sin.

Is mise le mórmheas,

**IARSCRÍBHINN**

Nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin
chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh
i rith na tréimhse roimh an aontachas

I.

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh faisnéis leormhaith ar fáil ag Poblacht na Bulgáire agus ag an Rómáin, dá ngairtear na "Stáit aontacha" anseo feasta, cuirfear na Stáit aontacha ar an eolas faoi aon togra, cumarsáid, moladh nó tionscnamh a bhféadfadh cinntí ó institiúidí nó comhlachtaí an Aontais Eorpaigh a theacht as, tar éis é a sheoladh chuig an gComhairle.

2. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl de bhun iarratais réasúnaithe ó Stát aontach ina leagfar amach go sainráite a leasanna mar chomhalta todhchaí den Aontas agus ina gcuirfidh sé a bharúlacha in iúl.

3. De ghnáth, ní bheidh cinntí riaracháin ina siocair le comhairliúchán.

4. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl i gCoiste Eatramhach ar a mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ó na Stáit aontacha. Amach ó agóid réasúnaithe ó Stát aontach, féadfar an comhairliúchán a chur ar siúl i bhfoirm malairte teachtaireachtaí trí mheáin leictreonacha, go háirithe i dtaca leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála.

5. Ar thaobh an Aontais, is iad a bheidh ina gcomhaltaí den Choiste Eatramhach, comhaltaí de Choiste na mBuanionadaithe nó daoine a bheidh ainmnithe acu chuige sin. Nuair is iomchuí, féadfaidh sé gurb iad Comhaltaí an Choiste Pholaitiúil agus Slándála a bheidh ina gcomhaltaí. Iarrfar ar an gCoimisiún a bheith ionadaithe san obair sin.

6. Beidh rúnaíocht de chúnamh ag an gCoiste Eatramhach, arb éard é rúnaíocht na Comhdhála, arna coimeád ar bun chuige sin.

7. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl de ghnáth a luaithe a bheidh an réamhobair arna seoladh ar leibhéal an Aontais d'fhonn go nglacfadh an Chomhairle cinntí nó comhsheasaimh tar éis treoirlínte comhchoiteanna a sholáthar chun gur féidir an comhairliúchán sin a shocrú go fóinteach.

8. Má bhíonn deacrachtaí tromchúiseacha ann fós i ndiaidh an chomhairliúcháin, féadfar an cheist a thógáil ar leibhéal aireachta arna iarraidh sin do Stát aontach.

9. Beidh feidhm ag na forálacha sin thuas, mutatis mutandis, maidir le cinntí Bhord Gobharnóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

10. Beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sna míreanna thuas freisin maidir le haon chinneadh a ghlacfaidh na Stáit aontacha agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na gealltanais a leanann óna stádas mar chomhaltaí todhchaí den Aontas.

II.

11. Glacfaidh an tAontas agus Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh a n-aontachas leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagail 3(3), 6(2) agus 6(6) den Phrótacal i dtaobh na gcoinníollacha agus na socruithe chun Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin a ligean isteach san Aontas Eorpach agus in Airteagail 3(3), 6(2) agus 6(6) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine, comhtharlú le teacht i bhfeidhm an Chonartha Aontachais, a mhéad is féidir agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal sin agus san Ionstraim sin.

12. A mhéad nach bhfuil sna comhaontuithe nó sna coinbhinsiúin idir Ballstáit ach dréachtaí, agus gur dócha nach féidir iad a shíniú sa tréimhse roimh an aontachas, iarrfar ar na Stáit aontacha, i ndiaidh an Conradh Aontachais a shíniú agus i gcomhréir le nósanna imeachta iomchuí, a bheith comhlachaithe in ullmhú na ndréachtaí sin de mheon dearfach agus ar dhóigh a éascóidh a dtabhairt i gcrích.

13. I dtaca leis na prótacail, dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 6(2) den Phrótacal i dtaobh na gcoinníollacha agus na socruithe chun Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin a ligean isteach san Aontas Eorpach agus sa dara fomhír d'Airteagal 6(2) den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine, a chaibidil leis na páirtithe comhchonarthacha, beidh ionadaithe na Stát aontach comhlachaithe san obair mar bhreathnadóirí in éineacht le hionadaithe na mBallstát láithreach.

14. Féadfaidh comhaontuithe áirithe neamhfhabhair arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal, a fhanfaidh i bhfeidhm tar éis dháta an aontachais, a bheith ina n-ábhar oiriúnuithe nó coigeartuithe chun aird a thabhairt ar mhéadú an Aontais. Déanfaidh an Comhphobal na hoiriúnuithe nó na coigeartuithe sin a chaibidil i gcomhlachas le hionadaithe na Stát aontach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear sa mhír sin roimhe seo.

III.

15. Tarraingeoidh na hinstitiúidí suas i dtráth cuí na téacsanna dá dtagraítear in Airteagail 58 agus 60 den Phrótacal i dtaobh na gcoinníollacha agus na socruithe chun Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin a ligean isteach san Aontas Eorpach agus in Airteagail 58 agus 60 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine. Chuige sin, déanfaidh Rialtas Phoblacht na Bulgáire agus Rialtas na Rómáine aistriúcháin de na téacsanna sin a sholáthar go tráthúil do na hinstitiúidí.